

An tUasal Paul Connors,
Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide,
Ospidéal San Stiofáin,
Baile Átha Cliath 8.
paul.connors@hse.ie

03 Aibreán 2020

A Dhuine Uasail,

Ba mhaith linn sibh a moladh as bhur bhfeachtas poiblíochta iontach chun gach duine a choinneáil shlán ó Corovid-19. Is maith a fheiceáil go bhfuil na póstaeir faoin ngalar ar fáil as Gaeilge. Ach faraor tá easnamh ann san fheachtas seo. Níl aon leagan Gaeilge ann de na fógraí teilifíse faoi Corovid-19. Sheolamar ríomhphost chuig an Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ar an 19 Márta ag iarraidh na fógraí teilifíse trí Ghaeilge. Faraor níor glacadh leis ár moladh. Ba mhaith linn a fháil amach cén fáth.

Tá gá a aithint go bhfuil níos mó ná 73,000 cainteoirí laethúla Gaeilge ann a bhfuil mar shaoránaigh agus is cáinócóirí iad agus go bhfuilimid sa chás céanna le gach duine eile ag iarraidh an galar seo a sheachaint. Ach go háirithe sa Ghaeltacht ina bhfuil daoine aosta agus páistí nach bhfuil mórán Béarla acu. Caithfear iad a choinneáil shlán chomh maith. Tá an Ghaeilge mar an chéad teanga oifigiúil sa Stát seo agus ní amháin sin ach tá *Comhairle na hEorpa* tar éis rabhadh a thabhairt ag rá go caithfear fógraí a chur amach i dteangacha réigiúnacha traidisiúnta agus mionlaigh. 'it has to be noted that countries have not systematically shared the information, instructions, guidelines or recommendations in languages other than the official language of the country. This also concerns the traditional regional or minority languages spoken in the respective countries. The communication of relevant recommendations in these languages is of utmost importance for the well-being of the speakers of regional or minority languages. It is important, and authorities should not forget, that national minorities are an integral part of their societies and in order for the measures adopted to have full effect, they should be made available and easily accessible to the whole population.'

Faoi *Scéim Teanga Feidhmeannacht na Seirbhíse sláinte – Limistéar an Iarthair* deir sé 'Aithníonn an FSS –Iarthar an ról tábhachtach atá ag Raidió na Gaeltachta agus meáin Gaeilge eile i saol na Gaeltachta agus beidh sé ag comhoibriú leo chun a chinntiú go bhfaighidh pobal na Gaeltachta eolas faoi chúrsaí sláinte go ginearálta.' Tá gá mar sin beart a dhéanamh dá mbriathar agus é a cur i bhfeidhm.

Tá Conradh na Gaeilge tar éis a fheiceáil go bhfuil easnamh déanta ar leagan Gaeilge a chur ar fáil do na bileoga eolais atá seolta go gach teach sa Stát agus go bhfuil Oifig an Coimisinéir

Teanga ag fiosrú faoi seo faoi láthair. <https://tuairisc.ie/rithabhachtach-go-gcuirfi-eolas-faoin-bpaineim-ar-fail-i-mionteangacha/> . Táimid ag moladh daoibh ó seo amach go bhfuil an Ghaeilge curtha san áireamh san fheachtas poiblíochta amach anseo.

Arís ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libh as an dea-obair uile atá á dhéanamh agaibh. Is trua linn go bhfuil orainn an cheist seo a ardú in am an gátar.

Is mise, le meas,

Caoimhín Ó Cadhla

Caoimhín Ó Cadhla
Feidhmeannach Taighde & Anailíse